Rinne Helena Ní Ghearáin PhD i Sochtheangeolaíocht na Gaeilge in Ollscoil Luimnigh. Tá suim aici sa bheartas teanga agus i gcúrsaí teangacha mionlaigh. Dhírigh a tráchtas ar dhinimicí inghlacthachta na pleanála oifigiúla téarmaíochta i measc phobal urlabhra na Gaeilge sa Ghaeltacht agus tá roinnt alt léi foilsithe ar chúrsaí téarmaíochta agus ar an mbainistíocht teanga sa Ghaeilge. Oibríonn sí mar theagascóir in Aonad na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh agus dearann sí ábhar agus acmhainní do chúrsaí éagsúla an Aonaid chomh maith. I measc na n-ábhar atá á múineadh aici le blianta beaga anuas tá An Fheasacht Teanga, an tAistriúchán agus An Fhilíocht. I measc na ndualgas eile atá uirthi tá tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn sa Scríbhneoireacht Acadúil.

Helena Ní Ghearáin completed a PhD in Irish language sociolinguistics in the University of Limerick. Her research interests broadly include language policy and minority language issues. Her thesis focused on the acceptance of official terminology planning among the Irish language community in the Gaeltacht and she has published a selection of articles on terminology issues and language management in Irish. She teaches and designs course material and resources for Aonad na Gaeilge, UL. In recent years she has taught courses in Language Awareness, Translation and Poetry. Other responsibilities include the provision of targeted support for students in the area of academic writing in Irish.